AN MHÁIRT

Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh in Éineacht lena Chéile

23 EANÁIR – 30 EANÁIR 2022

Intinn Fhoghlama:
Scrúdú a dhéanamh ar an tuiscint a bheadh againn maidir leis an mbealach inar féidir linn maireachtáil in éineacht lena chéile ar scoil.

Critéir Ratha:
- Tabhair sainmhíniú ar na heochairfhocail le rochtain a fháil don rang ar an ábhar
- Aithin na bealaí ina ndéanann ár scoil Chaitliceach cuimsiú ar na creidmhigh éagsúla atá anseo
- Aithin na bealaí ina ndéanann ár scoil Chaitliceach cuimsiú ar dhaoine imeallacha nó orthusan atá faoi chois
- Aithin na bealaí ina ndéanann ár scoil Chaitliceach aire a léiriú
- Pléigh na bealaí ina ndéanann ár scoil Chaitliceach an cairdeas a cheiliúradh
- Cad iad na hamanna ina spreagtar ar scoil muid le ceistiú, plé, fiosrú agus machnamh a dhéanamh?

Conas mar atá ag éirí leis an scoil cuimsiú a dhéanamh ar chreidmhigh éagsúla

Eochairfhocail:
Cuimsiú, Éagsúlacht, Aire, Cairdeas, Ceistigh, Pléigh, Fiosraigh, Déan
Machnamh, Creideamh

Smaoinigh – Péireáil - Roinn
Cad a chiallaíonn an focal 'cuimsiú'?

_____

_____

_____

_____

Cad a chiallaíonn an focal 'éagsúlacht'?

_____

_____

_____

_____

Tasc
Cén áit ina mbíonn an cuimsiú iomlán creidimh le sonrú i measc phobal na scoile Caitlicí seo againne?

_____

_____

_____

_____

Cén áit ina mbíonn an éagsúlacht, agus glacadh na héagsúlachta sin le sonrú i measc phobal na scoile Caitlicí seo againne?

Aire

Liostáil na bealaí ina dtugann an scoil seo 'aire'.

Conas mar a thugann tusa aire do dhaoine eile?

An mbíonn éagsúlacht aire le sonrú idir an scoil Chaitliceach agus an scoil neamh-shainchreidmheach?

Cairdeas

Conas mar a dhéanann pobal na scoile seo againne an cairdeas inár measc a cheiliúradh?

Tasc

Déan an sliocht ó shoiscéal Eoin a athscríobh i d'fhocail féin. Bain úsáid as an ngnáth-theanga ionas gur léir do chách go dtuigeann tú go maith an teachtaireacht atá á thabhairt anseo.

Íosa mar Chara – Eoin 15:15–17	
'Ní seirbhísigh a thugaim oraibh feasta, mar ní eol do sheirbhíseach gnó a mháistir. Ach thug mé cairde oraibh, óir gach a gcuala ó m'Athair, chuir mé in iúl daoibh é. Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh, agus a cheapadh chun go n-imeodh sibh agus toradh a thabhairt agus go mairfeadh bhur dtoradh; i dtreo, cibé ní a d'iarrfadh sibh ar an Athair i m'ainm, go dtabharfadh sé daoibh é. Is iad seo m'aitheanta daoibh: sibh a thabhairt grá dá chéile.'	

Cleachtadh Fairsingithe

Tar éis dúinn an sliocht seo ó Naomh Eoin a léamh, is léir go mbreathnaíonn Íosa ar an gcairdeas mar ghrá. Mínigh an ráiteas thuas, agus abair na bealaí ina bhféadfadh pobal na scoile seo feabhas a chur ar an tuiscint atá inár measc, maidir leis an gcairdeas.

_____

_____

_____

_____

Smaoinigh – Péireáil – Roinn (Ceistiú)
Cad iad na ceisteanna is tábhachtaí a chuirimid?

An spreagtar ar scoil sibh le ceisteanna a chur faoi cén fáth go mbíonn cúrsaí mar a bhíonn? Tabhair samplaí maidir leis an mbealach ina dtarlaíonn a leithéid.

Smaoinigh – Péireáil – Roinn (Plé)
Cén sórt taighde a bhíonn ar siúl agat gach lá?

An spreagtar ar scoil sibh maidir le heolas a iniúchadh, agus freagraí a lorg maidir leis na ceisteanna is tábhachtaí? Tabhair samplaí maidir leis an mbealach ina dtarlaíonn a leithéid.

Smaoinigh – Péireáil – Roinn (Fiosrú)
Cén saghas eolais a bhíonn á lorg agat gach lá?

_____

_____

_____

_____

An spreagtar ar scoil sibh maidir le bheith ag ceistiú, agus le heolas a lorg ionas go mbeidh an fhaisnéis agaibh? Tabhair samplaí maidir leis an mbealach ina dtarlaíonn a leithéid.

_____

_____

_____

_____

Smaoinigh – Péireáil – Roinn (Déan Machnamh)
Cad iad na rudaí a bhíonn mar ábhar machnaimh agat gach lá?

_____

_____

_____

_____

An spreagtar ar scoil sibh maidir leis an mbeatha agus cúrsaí an tsaoil a iniúchadh? Tabhair samplaí maidir leis an mbealach ina dtarlaíonn a leithéid.

_____

_____

_____

_____

Cleachtadh Fairsingithe
Bhreathnaíomar ar ráiteas ó '*Guidelines on the Inclusion of Students of Different Beliefs*'. 'Déanann an tOideachas Reiligiúnach gach iarracht am agus áit a chur ar fáil ionas gur féidir an ceistiú, an plé, an fiosrú agus an machnamh a chothú.'

An dóigh leat go bhfuil na rudaí seo ar fad ar siúl ar scoil againne?

Cad iad na bealaí ina bhféadfadh an scoil seo feabhas a chur ar chúrsaí?

Treoirlínte faoi Chuimsiú na nDaltaí ó Chreidimh Éagsúla l. 5

Bunaithe ar an tuiscint atá agat faoi shochaí an lae inniu, déan liosta de na saghsanna daoine a mbeifí ag rá fúthu gur daoine 'éagsúla' a bhí iontu.

Scríobh liosta mar rang.

Tasc

Shín Íosa an lámh chúnta i dtreo na ndaoine a bhí ar an imeall, nó thíos leis de bharr inscne, nó creideamh, nó cultúr, nó slí bheatha nó de bharr cúrsaí sláinte.

Tabhair samplaí i saol an lae inniu de na saghsanna seo daoine	
Imeallach/faoi chois de bharr inscne	
Imeallach/faoi chois de bharr creidimh	
Imeallach/faoi chois de bharr a gcuid cultúr	
Imeallach/faoi chois de bharr slí bheatha áirithe a bheith acu	
Imeallach/Faoi chois de bharr cúrsaí sláinte	

Cleachtadh Fairsingithe

Léirigh Íosa grá agus aire i leith na ndaoine imeallacha agus iadsan faoi chois. Conas mar a léiríonn an scoil seo againne grá Íosa i leith na ndaoine imeallacha nó iadsan faoi chois?

_____

_____

_____

_____

Cleachtadh Fairsingithe

Bíonn an *Junior Cycle Specification for Religious Education* (NCCA, 2019) bunaithe ar na BRIATHRA seo – Ceistigh, Pléigh, Fiosraigh agus Déan Machnamh. Ciallaíonn sé seo go gcaithfimid a bheith GNÍOMHACH. Cad iad na gníomhartha a dhéanfá maidir leis na briathra thuasluaite?

_____

_____

_____

_____

Tabhair samplaí ón mBíobla de na bealaí ina raibh Íosa gníomhach ó thaobh brí na mbriathra seo a chur i bhfeidhm.

_____

_____

_____

_____

Cleachtadh Fairsingithe

Déan suirbhé ar bhaill an ranga. Cad iad na creidimh atá ag na daltaí éagsúla sa rang? Cuir an t-eolas ar fáil mar bharrachairt/píchairt.